An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil

Tuarascail Bhliantuil 2013

1 Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2013

An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, 6/7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2.
Teil. (01) 474 8400, Faics. (01) 4748410, R-phost: info@refappeal.ie

CLÁR ÁBHAR

Leathanach

Litir an Chathaoirligh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais **2**

1. Réamhrá **4**

2. Oibríochtaí agus Tacaíocht an Bhinse **8**

3. Comhaltaí den Bhinse **14**

4. Achoimre ar Obair an Bhinse don bhliain 2013 **19**

5. Gníomhaíochtaí Eile **38**

6. Pearsanra **41**

Aguisíní:

Aguisín 1 **Reachtaíocht/Ionstraimí Reachtúla Ábhartha don Bhinse** **44**

Aguisín 2 **An Próiseas Achomhairc: Nósanna Imeachta** **46**

An tUas. Alan Shatter T.D.
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2.

An 31 Márta 2013

An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil 2013

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe i gcomhair na bliana 2013 a chur i láthair.

Leanadh leis an treocht um líonta atá ag titim in 2013 (féach caibidil 4) agus bhí laghdú beag ar líon na n-achomharc a fuair an Binse, ó 686 achomharc in 2012 go 660 achomharc in 2013. Ós rud é gur tháinig titim sheasta ar an líon le deich mbliana anuas ar a laghad, is féidir go gcuireann sé sin in iúl go bhfuil líon na n-iarratas ag teacht ar leibhéal seasta. Mar sin féin, táthar ag súil go ndéanfaidh tabhairt isteach na Rialachán um Chosaint Choimhdeach i mí na Samhna 2013 méadú mór ar obair an Bhinse in 2014.

Ó ceapadh é mar Chathaoirleach ar an mBinse i mí Lúnasa an bhliain seo caite i leith, chuir mé tús le mór-athbhreithniú ar chleachtais, ar nósanna imeachta agus ar threoirlínte an Bhinse. Foilsíodh treoirlínte maidir le ***Beartas um Shannadh*** cásanna an Bhinse in 2013 agus, sna seachtainí atá le teacht, tá sé beartaithe agam treoirlínte a fhoilsiú maidir leis an ***nGnás agus an Nós Imeachta maidir le hAchomhairc a Dhéanamh roimh an mBinse*** mar aon le treoir maidir le ***hIarratasóirí is Leanaí***. Tá rochtain ar bhunachar sonraí cinntí an Bhinse ar oscailt anois don phobal i gcoitinne, ach í a iarraidh.

Bunaíodh Grúpa Úsáideoirí an Bhinse, le hionadaithe ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó Chomhairle Bharra na hÉireann, chun cabhrú leis an mBinse sa phróiseas athchóirithe seo. Go dtí seo, tháinig an grúpa le chéile uair amháin agus ábhar spreagtha dom ba ea rannpháirtíocht chuiditheach an Ghrúpa faoi ábhair ar chomhleas.

Is suntasach atá costais leanúnach na nAthbhreithnithe Breithiúnacha don Bhinse. In 2013, chuir mé tús le hiniúchadh ar gach Athbhreithniú Breithiúnach ar fáil go réidh d'fhonn socraíochtaí a thairiscint i gcásanna inar measadh é a bheith iomchuí. Bhí sé

sin ina chúis le laghdú suntasach ar líon na nAthbhreithnithe Breithiúnacha inar cosantóir é an Binse, rud a thugann coigiltí iarmhartacha i gcostais dlí.

Ag deireadh 2013, bhí 6 comhaltaí ar seirbhís den Bhinse a ceapadh i mí na Samhna, 2013. Tugadh an líon reatha go deichniúr leis an gceathrar comhaltaí breise a ceapadh i mí an Mhárta, 2014. Sainaithnítear i ráiteas straitéise an Bhinse do 2014-2017 gur spriocanna ardleibhéil don Bhinse sna blianta romhainn iad na *caighdeáin ghairmiúla is airde* i gcinnteoireacht a bhaint amach agus coinneáil a dhéanamh ar *ár gcaighdeáin cháilíochta trí Chomhaltaí an Bhinse a oiliúint agus a fhorbairt*. Ina leith sin, tá an Binse ag obair go dlúth le UNHCR chun clár cuimsitheach oiliúna a cheapadh dár gcomhaltaí nua. Lárnach sa chlár sin ba ea teimpléad nua cinnidh a dhearadh agus a thabhairt isteach lena úsáid ag na comhaltaí. Táim muiníneach go dtiocfaidh cinntí atá níos láidre ó thaobh an dlí de agus laghdú gaolmhar ar líon na nAthbhreithnithe Breithiúnacha a dhéantar in aghaidh an Bhinse as úsáid an teimpléid sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le UNHCR as a chúnamh maidir leis an teimpléad sin a fhorbairt agus leis an gclár cuimsitheach oiliúna do chomhaltaí a chur chun feidhme.

Is go seasta agus go pras a chuireann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus Oifig an Ard-Aighne sársheirbhísí dlí agus comhairle ardchaighdeáin ar fáil don Bhinse agus tugaim aitheantas don chabhrú sin le buíochas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann an Bhinse as a tiomantas agus as a hobair dhícheallach ar fud na bliana agus as a n-iarrachtaí i dtaca leis na hathchóirithe sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Beidh an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint agus athruithe iarmhartacha ar struchtúr agus obair an Bhinse ina ndúshláin a gcuirimid fáilte rompu sna blianta romhainn. Táim ag súil go mór le tabhairt isteach an nóis imeachta aonair le haghaidh iarratais ar stádas Dídeanaí agus ar Chosaint Choimhdeach a mheasúnú agus ar an méid a chuirfidh an Binse le córas cosanta atá níos cothromasaí agus níos éifeachtúla a chruthú.

Mise le meas,

Barry Magee
Cathaoirleach
An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe

1. Réamhrá

[1.1] Bunú

Cuireadh an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe ("an Binse") ar bun an 4 Deireadh Fómhair 2000, de réir Alt 14 agus Alt 15 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 [arna leasú ag Alt 11(1) den Acht Inimirce, 1999 agus ag Alt 9 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000] d'fhonn breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh moltaí an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe nár chóir iarratasóirí a dhearbhú ina ndídeanaithe. Cuireadh Acht na nDídeanaithe, 1996 i bhfeidhm an 20 Samhain 2000 agus cuireadh tús le hobair an Bhinse an dáta céanna.

Cuimsíonn an Binse Cathaoirleach agus an líon de Chomhaltaí den Bhinse a mheasann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le cead ón Aire Airgeadais, a bheith riachtanach le haghaidh chomhlíonadh éifeachtúil ghnó an Bhinse.

[1.2] Sainordú

Tugtar de shainmhíniú ar "dídeanaí" in Alt 2 d'Acht 1996 (arna leasú) an té atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla an-bhunaithe go gciapfaí é mar gheall ar chine, reiligiún, náisiúntacht, bheith ar dhuine de ghrúpa sóisialta áirithe nó ar thuairim áirithe faoi chúrsaí polaitíochta agus nach bhfuil ar a chumas nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil sé toilteanach dul faoi chumhdach na tíre sin; nó an té nach bhfuil náisiúntacht aige agus atá lasmuigh den tír ina mbíodh gnáthchónaí air roimhe seo agus nach bhfuil ar a chumas nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil sé toilteanach filleadh ar an tír sin.

Is é sainordú an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe ná iarratais achomhairc a imscrúdú ó dhaoine atá ag iarraidh dearbhú stádas dídeanaí agus moltaí iomchuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é príomhfheidhm an Bhinse moladh maidir le duine a dhearbhú ina dhídeanaí arna dhéanamh ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe a dheimhniú nó a chur ar leataobh.

Cuirtear de chúram ar an mBinse freisin achomhairc a chinneadh faoi nós imeachta Bhaile Átha Cliath, lena gcinntear an tír Eorpach iomchuí a chinnfidh iarratas ar thearmann, mar aon le hachomhairc Chosanta Coimhdí.

[1.3] Ráiteas Misin

Féachfaidh an Binse le gach achomharc a chinneadh:

- go cóir;
- le meas ar dhínit na n-iarratasóirí;
- de réir dlí;
- go héifeachtúil;
- ar an gcaighdeán is airde inniúlacht ghairme;
- i spiorad oscailteachta agus trédhearcachta maidir leis an dóigh a mbainistítear an próiseas achomhairc.

[1.4] Comhaltaí den Bhinse

Cuimsíonn an Binse Cathaoirleach agus na gnáthchomhaltaí sin atá ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ceapadh an tUas. Barry Magee, Aturnae, mar Chathaoirleach ar feadh téarma cúig bliana i mí Lúnasa, 2013, tar éis próiseas earcaíochta oscailte a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Ceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gnáthchomhaltaí faoi Mhír 2 den Dara Sceideal d'Acht 1996. Leagtar amach i gCaibidil 3 sonraí faoi chomhaltaí a d'fhóin in 2013 agus faoi chomhaltaí a ceapadh in 2013.

[1.5] Iarratais ar Chosaint

Tá laghdú seasta tagtha ar iarratais ar Stádas Dídeanaí in Éirinn ón mbuaic de 11,634 iarratas in 2002. Bhí 946 iarratas in 2013 sa chéad dul amach, figiúr atá cosúil leis an bhfigiúr de 956 iarratas in 2012. Bhí sé sin ina chúis le laghdú iarmhartach ar líon na n-achomharc a fuair an Binse agus fuarthas 651 achomharc in 2013 (féach Caibidil 4).

I mí na Samhna 2013, cuireadh de chúram ar an mBinse achomhairc ar dhiúltuithe do Chosaint Choimhdeach a éisteacht[1]. Ní bhfuarthas aon achomharc faoi dheireadh na bliana 2013.

[1.6] Athruithe Reachtaíochta a Bheartaítear

An t-athrú is suntasaí a bheartaítear a bheidh i dtabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint. Táthar ag súil go n-achtófar é in 2014. Ceann de na hathruithe is suntasaí don Bhinse sa reachtaíocht seo a bheidh sa tabhairt isteach nós imeachta aonair maidir le cáilitheacht le haghaidh Stádas Dídeanaí agus Cosaint Choimhdeach a chinneadh.

An t-athrú mór reachtaíochta eile a bhfuiltear ag coinne leis is ea achtú beartaithe an Bhille um Shaoráil Faisnéise. Tabharfaidh sé sin an Binse faoina fhorálacha.

[1] Féach Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) 2013. I.R. 426 de 2013.

[1.7] Foireann an Bhinse

De réir an Dara Sceideal d'Acht 1996, féadfaidh an tAire na daoine sin agus an líon sin daoine a cheapadh ina mbaill d'fhoireann an Bhinse a mheasann sé a bheith riachtanach chun cabhrú leis an mBinse a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is státseirbhísigh iad na baill d'fhoireann an Bhinse de réir chiall Acht Rialaithe na Stát-Sheirbhíse, 1956. Sanntar baill foirne don Bhinse faoi láthair ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

An 31 Nollaig 2013, ba é 47 an líon foirne (ba é 42.3 an choibhéis lánaimseartha, féach Caibidil 6).

[1.8] Reachtaíocht atá Ábhartha don Bhinse

Liostaítear in Aguisín 1 na hionstraimí reachtaíochta go léir atá ábhartha don Bhinse.

2. Oibríochtaí agus Tacaíocht an Bhinse

[2.1] Ginearálta

Leagtar struchtúr riaracháin an Bhinse amach thíos. Léiríonn an struchtúr reatha freagairt leantach an Bhinse don ualach oibre ag laghdú atá ag teacht as an titim ar líon na n-achomharc a fuarthas le blianta beaga anuas.

CAIRT EAGRÚCHÁIN



Leagtar nósanna imeachta achomhairc amach in Aguisín 2.

[2.2] Próiseáil Achomharc/Riarachán

Clárú agus Sannadh Achomharc

Tá an méid seo a leanas i gceist le Clárú agus Sannadh Achomharc:

- gach Fógra Achomhairc agus comhfhreagras a fháil, a sheiceáil, a thaifeadadh agus a phróiseáil, lena n-áirítear comhfhreagras ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe (an Coimisinéir), ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ("an UNHCR"), ó ionadaithe dlíthiúla agus ó iarratasóirí
- fáil chomhaid na n-iarratasóirí ó Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a eagrú nuair a fhaightear achomharc
- comhaid cháis achomhairc a ullmhú, agus sannadh foirmiúil cásanna do Chomhaltaí ag an gCathaoirleach.

Sceidealú agus Fáiltiú

Is é atá i gceist le sceidealú ná a eagrú go bhfuil Comhaltaí, Oifigigh Léirithe, an tIarratasóir, ionadaithe dlíthiúla agus, nuair is iomchuí, ateangairí, finnéithe agus foireann FSS i láthair ag éisteachtaí. Áirítear le dualgais fáiltithe fónamh a dhéanamh ar éisteachtaí ó bhéal agus comhfhreagras agus aighneachtaí a phróiseáil.

Cinntí

I gceist leis seo:

- Cinntí a ullmhú agus a eisiúint don iarratasóir, don ionadaí dlíthiúil (más ann) agus fógra a thabhairt don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe, don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) de réir na Rialachán Achomhairc
- Cinntí a thaifeadadh agus a rianú

- Comhfhreagras agus ceisteanna ó iarratasóirí, ó ionadaithe dlíthiúla agus ó Chomhaltaí a phróiseáil
- Cinntí na gComhaltaí a chur in eagar agus a uaslódáil chuig leathanach Gréasáin ROMDA (bunachar sonraí ina bhfuil Cinntí an Bhinse roimhe sin is ea ROMDA, Cartlann Chinntí Chomhaltaí na hOifige do Dhídeanaithe - féach Aguisín 2.8) agus an leathanach Gréasáin a chothabháil.

[2.3] An Rúnaíocht

Tá freagracht ar an Rúnaíocht as:-

- Gníomhaíocht idir an Binse, an Coimisinéir agus comhdhamhnaí eile den chóras tearmainn a chomhordú
- Teagmháil a dhéanamh le hoifig an ionadaí d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus comhlachtaí seachtracha eile rialtasacha
  agus neamhrialtasacha agus
- Faisnéis maidir le hábhair an Bhinse a chur ar fáil agus freagairt do chomhfhreagras.

Comhordaíonn an Rúnaíocht na seirbhísí cúltaca laethúla do na Comhaltaí, lena n-áirítear oiliúint leanúnach na gComhaltaí agus ábhair acmhainní oiliúna/oideachasúla a bhailiú. Leagtar amach i gCaibidil 3 na tionscnaimh oiliúna ar thug an Binse fúthu in 2013. Tá tuilleadh faisnéise maidir le hAcmhainní Daonna/Pearsanra ar fáil i gCaibidil 6.

[2.4] Athbhreithniú Breithiúnach

Breithníonn an tAonad um Athbhreithniú Breithiúnach an fhreagairt d'imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Déanann sé taifeadadh agus monatóireacht ar an dul chun cinn ar gach athbhreithniú breithiúnach, breithníonn sé gach cáipéis dlí a fhaightear agus comhordaíonn sé freagairt leis an gCathaoirleach, le hOifig an Ard-Aighne, le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus leis na Comhaltaí.

Thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit eolas don Bhinse faoi 75 iarratas a comhdaíodh le haghaidh athbhreithniú breithiúnach le linn 2013 inar Fhreagraí é an Binse. Bhí 812 athbhreithniú breithiúnach a bhí gníomhach an 31 Nollaig 2013 ag an mBinse. Cé go bhfuil titim shuntasach tagtha ar líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha nua a fhaightear le blianta beaga anuas, leanann an Binse ar aghaidh ag bainistiú a riar cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh trí idirghabháil luath agus trí idirbheartaíocht a dhéanamh chun costais a choinneáil a ísle is féidir, rud a chuireann le laghdú ar líon na ndaoine i Liosta Tearmainn na hArd-Chúirte.

Leanann an Binse ar aghaidh ag obair go dlúth le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun na torthaí is fearr is féidir ar agóidí dlíthiúla a bhaint amach. Tá úsáid á baint ag an mBinse as an ríomhchóras AISIP chun cumarsáid le INIS a fheabhsú agus chun cásanna a shainaithint inar féidir go bhfuair Iarratasóirí stádas comhroghnach sa Stát. Mar thoradh ar theagmháil ina dhiaidh sin le hionadaithe dlíthiúla don Iarratasóir, tarraingíodh roinnt cásanna den chineál sin siar.

Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha nua a comhdaíodh in aghaidh an Bhinse le blianta beaga anuas, ó 462 athbhreithniú breithiúnach in 2010 go 81 athbhreithniú breithiúnach in 2013. Léiríonn sé sin, i measc nithe eile, an titim ar iarratais ar thearmann sa chéad dul síos.

Sa tábla seo a leanas, léirítear agaí próiseála athbhreithnithe bhreithiúnaigh an Bhinse de réir bliana. Slánaítear na hagaí meánacha agus airmheánacha go dtí an mhí is gaire. Mar is féidir a fheiceáil ón Tábla, tá méadú seasta ag teacht ar an aga próiseála sna Cúirteanna ón uair a chomhdaítear athbhreithniú breithiúnach nua go dtí an rialú cúirte. Is é 3 bliana agus 3 mhí an t-aga airmheánach reatha. Is sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010 a

comhdaíodh formhór na gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh a d'éist an Ard-Chúirt sa bhliain 2013.

Bliain a Tugadh chun Críche/ a Dúnadh iad	**Meán (míonna)**	**Airmheán (míonna)**	**Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche**
2008	16	18	332
2009	19	19	301
2010	21	24	178
2011	25	30	121
2012	30	36	110
2013	35	39	342

[2.5] Costais Dlí

Tacaíonn Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit leis an mbinse in Athbhreithnithe Breithiúnacha a chosaint. Ní thabhaíonn an Binse aon chostas i leith na seirbhíse sin. Tá an Binse dlite íoc as costais na n-iarratasóirí a dhéanann iarratas rathúil ar athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na costais dlí ar thabhaigh an Binse iad ón mbliain 2008.

Bliain	**Caiteachas**
2008	€3,428,130
2009	€4,523,622
2010	€4,363,114
2011	€3,168,952
2012	€1,427,510
2013	€1,625,971

D’fhonn costais dlí a choinneáil a ísle is féidir, chuir an Binse tús i mí Lúnasa 2013 le hiniúchadh ar gach athbhreithniú breithiúnach ar feitheamh. Shainaithin sé sin cásanna a bhí oiriúnach do shocraíocht gan an riachtanas le héisteacht iomlán os comhair na hArd-Chúirte. I bhformhór na gcásanna a tairgeadh í, idirbheartaíodh socraíocht go rathúil. Chuir sé sin teorainn le nochtadh an Bhinse toisc gur lú go mór na costais iníoctha ná na costais a bheadh iníoctha tar éis éisteacht rathúil. Bhí an t-athbhreithniú sin ar siúl ag deireadh na bliana agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é sa chéad ráithe sa bhliain 2014.

I gcásanna ina gcosnaíonn an Binse athbhreithniú breithiúnach go rathúil, gheobhaidh sé ordú de ghnáth go n-íocfaidh an t-iarratasóir nár éirigh leis as a chostais dlí. Mar sin féin, ní dócha de ghnáth go n-aisghabhfaidh an Binse costais as iarratasóirí nár éirigh leo.

3. Comhaltaí den Bhinse

[3.1] Réamhrá

Ceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Comhaltaí den Bhinse ar bhonn páirtaimseartha ar feadh téarma 3 bliana. Ní mór do Chomhaltaí a bheith ina nAbhcóide cleachta nó ina nAturnae cleachta ar feadh cúig bliana ar a laghad chun cáiliú le haghaidh ceapacháin.

[3.2] Liosta de chomhaltaí

Is é seo a leanas liosta aibítreach de chomhaltaí den Bhinse a bhí i seilbh oifige le linn 2013.

Ben Garvey, BL
Bernadette Cronin, BL
Bernard McCabe, BL
Conor Gallagher, BL
David Andrews, SC
Donal Egan, BL
Doireann Ní Mhuircheartaigh, BL
Eamonn Barnes, BL
Eamon Cahill, SC
Elizabeth O'Brien, BL
Evelyn Leyden, Aturnae
Fergus O'Connor, BL
Hilkka Becker, Aturnae
John Cheatle, BL
Laura McKenna, BL
Majella Twomey, BL
Margaret Levey, BL
Michael O'Kennedy, SC

Michelle O'Gorman, BL
Olive Brennan, BL
Patrick Hurley, Aturnae
Paul Christopher, BL
Paul Gormley, BL
Ricardo Dourado, BL
Ronan Maguire, BL
Samantha C. Callaghan, BL
Susan Nolan, Aturnae
Terence Coghlan, BL

[3.3] Liosta de Chomhaltaí a Ceapadh in 2013

Léirítear sa tábla thíos na Comhaltaí den Bhinse amhail an 31 Nollaig 2013. Ceapadh iad go léir an 11 Samhain 2013 ar feadh téarma trí bliana[2].

Comhalta	**Dáta Ceapacháin**
Bernard McCabe, BL	11/11/2013
Doireann Ní Mhuircheartaigh, BL	11/11/2013
Evelyn Leyden, Aturnae	11/11/2013
Hilkka Becker, Aturnae	11/11/2013
John Cheatle, BL	11/11/2013
Terence Coghlan, BL	11/11/2013

[2] Faoi réir an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint a thabhairt isteach. Sa chás sin, foirceannfar a dtéarma oifige go huathoibríoch.

[3.4] Oiliúint agus Seimineáir i gcomhair Comhaltaí den Bhinse

Ceanglaítear le hAcht 1996 ar an gCathaoirleach soláthar a dhéanamh do chláir oiliúna i gcomhair Comhaltaí den Bhinse. Leis an gceapadh Comhaltaí i mí na Samhna 2013, chuaigh an Binse i dteagmháil le UNHCR chun clár cuimsitheach oiliúna a chur ar fáil do na Comhaltaí a sholáthrófar i mí na Nollag 2013 agus i mí Eanáir 2014.

Is mar seo a leanas an oiliúint a soláthraíodh in 2013:

Seimineáir Oiliúna	Dáta
An tUas. Niall Maher, Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe 'Country of Origin Information Resources'	06/12/2013
Ms. Sophie Magennis, an tUas. Mike Ross, UNHCR 'Refugee Status Determination/Asylum Appeals Decisions'	06/12/2013
An tUas. Greg Stratton, SPIRASI 'The Role of SPIRASI'	06/12/2013

[3.5] Cruinnithe Reachtúla

Ceanglaítear le mír 12 den 2ú sceideal d'Acht na nDídeanaithe, 1996, ar an gCathaoirleach cruinniú Comhaltaí den Bhinse a thionól dhá uair sa bhliain ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair an Bhinse. Cuireadh na cruinnithe seo a leanas ar siúl:

An Chéad Chruinniú Reachtúil 2013

Dáta	Ionad
an 6 Nollaig 2013	An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, 6-7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2
an 21 Nollaig 2013	An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, 6-7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2

[3.6] Táillí Comhaltaí

Léirítear thíos an scála táillí a chinneann an méid atá iníoctha le haghaidh gach cineáil achomhairc.

Cineál	2013
Achomharc Substainteach	**€**
Éisteacht ó Bhéal	476
Éisteacht ó Bhéal - Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna cosúla	714
Éisteacht ó Bhéal - Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna difriúla	952
Ar Pháipéir	248
Ar Pháipéir - Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna cosúla	372
Ar Pháipéir - Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna difriúla	496
Gan a Freastal / Iarratas a Tharraingt Siar	137
A Chur ar Atráth / a Chur Siar	0
Achomharc Luathaithe	
Cinneadh	248
Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna cosúla	372
Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna difriúla	496
Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath/Go Follasach gan Bhunús	
Cinneadh	166
Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna cosúla	249
Fear Céile agus Bean Chéile: cásanna difriúla	332

[3.7] Táillí Comhaltaí arna nÍoc agus Cinntí 2013

Déantar táillí comhaltaí a íocadh agus líon na gcinntí a cuireadh i gcrích do 2013 a leagan amach sa tábla seo a leanas:

Comhalta	**Táillí €**	**Cinntí**
Ben Garvey	28,754.17	68
Bernard McCabe	11,019.67	32
Conor Gallagher	7,351.02	16
David Andrews	3,847.68	10
Donal Egan	1,610.00	1
Elizabeth O'Brien	11,408.00	25
Fergus O'Connor	11,087.03	25
Majella Twomey	30,923.94	73
Margaret Levey	22,416.01	56
Michelle O'Gorman	51,079.77	122
Olive Brennan	5,911.00	0
Patrick Hurley	529.98	1
Paul Christopher	37,473.66	86
Paul Gormley	15,330.77	54
Ronan Maguire	529.00	1
Susan Nolan	3,703.00	9
Iomlán	**242,974.70**	**579**

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá go gcomhfhreagraíonn na táillí a íoctar le comhaltaí i mbliain féilire do líon na gcinntí a chuirtear i gcrích i mbliain ar leith agus gur féidir go mbaineann siad le cinntí a rinneadh i mbliain féilire roimhe sin. Cuirtear aon táillí a fuarthas chun críocha oiliúna san áireamh thuas.

4. Achoimre ar Obair an Bhinse don bhliain 2013

[4.1] Achoimre Feidhmiúcháin don Bhliain 2013

	2012	2013	Athrú mar %
Achomhairc a Fuarthas	686	660	-5%
Cásanna a Sceidealaíodh	661	424	-36%
Cinntí a Eisíodh	691	584	-15%
Achomhairc a Cuireadh i gCrích	746	604	-19%
Achomhairc Bheo idir Lámha ag Deireadh na Bliana	602	661	8%

[4.2] Achomhairc a Fuarthas[3]

Leagtar amach i dTábla 4.2.1 agus i dTábla 4.2.2 an líon d'Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá, d'Achomhairc Luathaithe agus d'Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II a fuarthas sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013.

[3] Féach na sainmhínithe in Aguisín 2

Tábla 4.2.1
Iomlán na nAchomharc a Fuarthas

Mí	2012	2013
Eanáir	49	33
Feabhra	71	38
Márta	74	24
Aibreán	54	59
Bealtaine	50	65
Meitheamh	59	53
Iúil	80	41
Lúnasa	62	83
Meán Fómhair	36	50
Deireadh Fómhair	69	49
Samhain	51	68
Nollaig	31	97
Iomlán	**686**	**660**



Tábla 4.2.2

Iomlán na nAchomharc a Fuarthas de réir Bliana agus Cineáil

	2012	2013	Athrú mar %
Achomhairc Shubstainteacha/ Achomhairc Shubstainteach 15 Lá	451	513	13%
Achomhairc Luathaithe	190	117	-38%
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II	45	30	-42%
Iomlán	**686**	**660**	**-5%**

Tábla 4.2.3
Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá a Fuarthas

Mí	**2012**	**2013**
Eanáir	27	28
Feabhra	42	28
Márta	54	20
Aibreán	40	46
Bealtaine	43	54
Meitheamh	40	46
Iúil	36	27
Lúnasa	40	61
Meán Fómhair	28	35
Deireadh Fómhair	45	42
Samhain	33	52
Nollaig	23	74
Iomlán	**451**	**513**

Tábla 4.2.4
Achomhairc Luathaithe a Fuarthas

Mí	2012	2013
Eanáir	21	3
Feabhra	26	9
Márta	18	4
Aibreán	9	13
Bealtaine	0	10
Meitheamh	17	7
Iúil	34	12
Lúnasa	18	17
Meán Fómhair	7	12
Deireadh Fómhair	21	5
Samhain	13	9
Nollaig	6	16
Iomlán	**190**	**117**

Tábla 4.2.5

Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II a Fuarthas

Mí	2012	2013
Eanáir	1	2
Feabhra	3	1
Márta	2	0
Aibreán	5	0
Bealtaine	7	1
Meitheamh	2	0
Iúil	10	2
Lúnasa	4	5
Meán Fómhair	1	3
Deireadh Fómhair	3	2
Samhain	5	7
Nollaig	2	7
Iomlán	**45**	**30**

[4.3] Líon na nAchomharc a Sceidealaítear le haghaidh Éisteachta

Sceidealaítear cásanna le haghaidh éisteacht ó bhéal tar éis do Chomhalta den Bhinse an comhad a scrúdú faoi Alt 16(6) agus (7) den Acht. Is forleathan atá comhad achomhairc. Cuirtear san áireamh ann an t-iarratas tosaigh ar thearmann, ar ceistneoir mionsonraithe arna chomhlánú ag an iarratasóir é. Anuas air sin, áirítear leis na nótaí scríofa faoi agallamh iarratasóra, arna dhéanamh ag oifigeach Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe, tuarascáil Alt 11 (le haghaidh cásanna roimh an 15 Meán Fómhair 2003) agus tuarascálacha Alt 13 faoin gceistneoir agus nótaí agallaimh arna ndéanamh ag Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Cuirtear san áireamh ann freisin Moladh an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Áirítear leis an gcomhad an Fógra Achomhairc, tuairimí arna gcur in iúl ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus/nó ag UNHCR don Bhinse, faisnéis faoin tír thionscnaimh agus na cáipéisí go léir arna gcur isteach.

Cuirtear an éisteacht ó bhéal ar siúl go príobháideach de réir Alt 16(14) d'Acht na nDídeanaithe. Faoi Alt 16(15), féadfaidh UNHCR bheith i láthair ag éisteacht ó bhéal chun breathnú ar na himeachtaí.

Is iad na páirtithe atá i láthair ag an éisteacht ó bhéal ná an t-iarratasóir, a (h)ionadaí dlíthiúil, ateangaire (más gá), an tOifigeach Léirithe (oifigeach údaraithe Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe) agus Comhalta den Bhinse. Féadfaidh finnéithe bheith i láthair freisin, faoi réir cead a fháil ón gComhalta.

Tábla 4.3.1

Líon na nÉisteachtaí a Sceidealaíodh

Mí	2012	2013
Eanáir	65	54
Feabhra	64	51
Márta	66	39
Aibreán	40	43
Bealtaine	53	63
Meitheamh	77	51
Iúil	50	44
Lúnasa	47	31
Meán Fómhair	65	26
Deireadh Fómhair	47	17
Samhain	50	5
Nollaig	37	0
Iomlán	**661**	**424**



Tháinig an laghdú ar éisteachtaí ag tarraingt ar dheireadh na bliana aníos toisc go raibh téarmaí oifige Comhaltaí ag dul as feidhm. Ceapadh Comhaltaí Nua i mí na Samhna, 2013. Bhí oiliúint ag teastáil ó na comhaltaí nua sin sula

n-éistfeadh siad le cásanna. Mar thoradh air sin, níor cuireadh aon éisteachtaí ar siúl i mí na Nollag.

[4.4] Iarratasóirí nár Fhreastail ar an Éisteacht agus Achomhairc a Tarraingíodh Siar

Mainneachtain de chuid iarratasóra freastal ar éisteacht ó bhéal

Sa chás go mainníonn iarratasóir freastal ar éisteacht ó bhéal gan cúis réasúnach agus go mainníonn sé míniú a thabhairt don Bhinse laistigh de 3 lá oibre ó dháta na héisteachta ó bhéal a shásaíonn an Binse go raibh cúis réasúnach aige nó aici le gan freastal ar an éisteacht,

(a) deimhníonn an Binse moladh an Choimisinéara faoi alt 13 sa chás gur achomharc a bhfuil feidhm ag Alt 16(2A) den Acht bunaidh ina leith (roimh an 15 Meán Fómhair 2003) é an t-achomharc, nó

(a) meastar go bhfuil an t-achomharc tarraingthe siar sa chás gur achomharc a bhfuil feidhm ag Alt 16(2A) den Acht leasaithe ina leith (tar éis an 15 Meán Fómhair 2003) é an t-achomharc.

Sa bhliain 2013, níor fhreastail 23 iarratasóir ar an éisteacht, rud arbh ionann é agus beagán os cionn 5% de líon iomlán na gcásanna a sceidealaíodh.

Féadfaidh iarratasóir a (h)achomharc a tharraingt siar ag céim ar bith den phróiseas ar roinnt cúiseanna, mar shampla, pósadh le náisiúnach na hÉireann nó le náisiúnach an AE, nó aisdúichiú deonach ar a dtír thionscnaimh. Cloífear le Moladh bunaidh an Choimisinéara i gcás achomhairc a tarraingíodh siar. Leagtar amach i dTábla 4.4.1 Líon na nIarratasóirí nár Fhreastail ar an Éisteacht agus Líon na nAchomharc a Tarraingíodh Siar sna Blianta 2012 agus 2013.

Tábla 4.4.1

Líon na nIarratasóirí nár Fhreastail ar an Éisteacht agus Líon na nAchomharc a Tarraingíodh Siar sna Blianta 2012 agus 2013.

Bliain	2012	2013
Líon na nIarratasóirí nár Fhreastail ar an Éisteacht	32	23
Líon na nAchomharc a Tarraingíodh Siar	55	20
Iomlán	**87**	**43**

[4.5] Cásanna a Cuireadh Siar agus Cásanna a Cuireadh ar Atráth

Tábla 4.5.1

Líon na gCásanna a Cuireadh Siar agus Líon na gCásanna a Cuireadh ar Atráth

Bliain	2012	2013
Cásanna a Cuireadh Siar	78	49
Cásanna a Cuireadh ar Atráth	134	73
Iomlán	**212**	**122**

Rinneadh 29% de na cásanna sceidealta a chur siar nó ar atráth, rud atá níos ísle ná an figiúr 32% don bhliain 2012.



[4.6] Achomhairc a Cuireadh i gCrích agus Cinntí na gComhaltaí

Chuir an Binse 604 achomharc i gcrích, achomhairc a tarraingíodh siar ina measc, idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013.

Tábla 4.6.1

Iomlán na nAchomharc a Cuireadh i gCrích

Mí	2012	2013
Eanáir	63	98
Feabhra	53	38
Márta	69	38
Aibreán	63	49
Bealtaine	75	55
Meitheamh	58	60
Iúil	60	111
Lúnasa	50	20
Meán Fómhair	57	32
Deireadh Fómhair	95	36
Samhain	53	61
Nollaig	50	6
Iomlán	**746**	**604**



Tábla 4.6.2

Iomlán na gCinntí a Eisíodh

Mí	2012	2013
Eanáir	60	94
Feabhra	47	37
Márta	61	36
Aibreán	62	47
Bealtaine	68	52
Meitheamh	54	58
Iúil	54	108
Lúnasa	46	20
Meán Fómhair	54	30
Deireadh Fómhair	86	35
Samhain	50	61
Nollaig	49	6
Iomlán	**691**	**584**

Tábla 4.6.3

Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá a Cuireadh i gCrích

Mí	2012	2013
Eanáir	44	79
Feabhra	36	26
Márta	39	34
Aibreán	35	40
Bealtaine	60	42
Meitheamh	43	52
Iúil	46	90
Lúnasa	29	14
Meán Fómhair	23	28
Deireadh Fómhair	74	32
Samhain	26	37
Nollaig	39	0
Iomlán	**494**	**473**

Tábla 4.6.4

Achomhairc Luathaithe a Cuireadh i gCrích

Mí	2012	2013
Eanáir	19	13
Feabhra	13	9
Márta	30	3
Aibreán	21	9
Bealtaine	12	13
Meitheamh	12	8
Iúil	13	18
Lúnasa	21	6
Meán Fómhair	21	4
Deireadh Fómhair	17	3
Samhain	21	24
Nollaig	11	6
Iomlán	**211**	**116**

Tábla 4.6.5
Rialachán Bhaile Átha Cliath ll - Achomhairc a Cuireadh i gCrích

Mí	2012	2013
Eanáir	0	7
Feabhra	4	3
Márta	0	1
Aibreán	7	0
Bealtaine	3	0
Meitheamh	3	0
Iúil	1	3
Lúnasa	0	0
Meán Fómhair	13	0
Deireadh Fómhair	4	1
Samhain	6	0
Nollaig	0	0
Iomlán	**41**	**15**

[4.7] Achomhairc idir Lámha ag an 31 Nollaig 2013

Bhí 651 achomharc beo san iomlán idir lámha ag an 31 Nollaig 2013, i gcomparáid leis na 602 achomharc a bhí idir lámha ag an 31 Nollaig 2012, rud ar mhéadú 8% é.

Tábla 4.7.1
Achoimre ar "achomhairc bheo" sa Bhinse ag an 31 Nollaig 2013

Líon iomlán na n-achomharc idir lámha	
Achomhairc Shubstainteacha/ Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá	501
Achomhairc Luathaithe	124
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath ll	36
Líon iomlán na n-achomharc idir lámha ag an 31 Nollaig 2013	**661**

[4.8] Fad an Phróisis Achomhairc

Achomhairc Shubstainteacha

Is é tosaíocht don Bhinse freastal go tapa orthu siúd a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu. Ina leith sin, léirítear in anailís gurbh é an t-aga airmheánach a thóg sé ar an mBinse Achomhairc Shubstainteacha 15 lá a phróiseáil agus a chur i gcrích ná tuairim is 18 seachtaine sa bhliain 2013, bunaithe ar shampla de 343 cás.

Achomhairc Luathaithe

Ba é an t-aga airmheánach a thóg sé ar an mBinse Achomhairc Luathaithe a phróiseáil agus a chur i gcrích ná tuairim is 12 sheachtain sa bhliain 2013, bunaithe ar shampla de 108 cás.

Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath

Ba é an t-aga airmheánach a thóg sé ar an mBinse Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath a phróiseáil agus a chur i gcrích ná tuairim is 10 seachtaine sa bhliain 2013, bunaithe ar shampla de 14 chás.

Cineál Achomhairc	**Aga Airmheánach Próiseála**
Achomhairc Shubstainteacha	18 seachtaine
Achomhairc Luathaithe	12 sheachtain
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath	10 seachtaine

[4.9] Tír Thionscnaimh na nIarratasóirí sa Bhliain 2013

Bhí náisiúnaigh na Nigéire freagrach as an sciar ab airde d'iarratais a fuair an Binse. Bhí náisiúnaigh na Nigéire freagrach freisin as an sciar ab airde d'iarratasóirí i gcás Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 lá. Ba ó náisiúnaigh na Pacastáine, Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, na hAfganastáine agus na Siombáibe faoi seach a tháinig an líon ab airde d'iarratais eile. I gcás Achomhairc Luathaithe, tháinig an líon ab airde d'iarratasóirí ón Nigéir agus ón bPacastáin. I gcás Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II, tháinig formhór na n-iarratasóirí ón mBanglaidéis agus ón Afganastáin.

Tábla 4.9.1

Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá, Achomhairc Luathaithe agus Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II a Fuarthas sa bhliain 2013 de réir tír thionscnaimh.

Náisiúntacht	Iomlán na nAchomhairc a Fuarthas	%	Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá	%	Achomhairc Luathaithe	%	Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath II	%
An Nigéir	96	15	61	12	35	30	0	0
An Phacastáin	68	10	57	11	11	9	0	0
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	60	9	55	11	3	3	2	7
An Afganastáin	42	6	34	7	3	3	5	17
An tSiombáib	40	6	33	6	6	5	1	3
An Albáin	33	5	31	6	0	0	2	7
An Afraic Theas	27	4	24	5	3	3	0	0
An Bhanglaidéis	22	3	12	2	4	3	6	20
An Ailgéir	19	3	13	3	6	5	0	0
An Mhaláiv	18	3	12	2	6	5	0	0
Eile[4]	235	36	181	35	40	34	14	46
Iomlán	660	100	513	100	117	100	30	100

[4] Clúdaítear 55 tír faoi 'Eile' agus áirítear leo an tSeoirsia, Camarún, an tSúdáin, an Rúis agus Oileán Mhuirís, ar tháinig idir 1 iarratas agus 16 iarratas ó gach ceann acu.



[4.10] Toradh ó Achomhairc/Moltaí an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Léirítear i dTáblaí 4.10.1, 4.10.2 agus 4.10.3 an treocht maidir le líon na Moltaí a rinne an Coimisinéir agus a dheimhnigh an Binse de dhroim achomhairc ón mbliain 2001 ar aghaidh (gan cásanna tarraingthe siar agus cásanna tréigthe a chur san áireamh).

Tábla 4.10.1

Anailís ar Chinntí maidir le hAchomhairc Shubstainteacha / Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá

Moltaí an Choimisinéara a Deimhníodh

Bliain	Iomlán	Líon a Deimhníodh	% a Deimhníodh
2001	1942	1461	75
2002	4698	3601	77
2003	4486	3658	82
2004	4235	3587	85
2005	2452	2021	82
2006	1594	1354	85
2007	1406	1212	86
2008	1919	1656	86
2009	2672	2422	91
2010	2045	1922	94
2011	872	809	93
2012	446	401	90
2013	455	405	89

Tábla 4.10.2

Anailís ar Chinntí maidir le hAchomhairc a bhí go Follasach gan Bhunús/ Achomhairc Luathaithe

Moltaí an Choimisinéara a Deimhníodh

Bliain	Iomlán	Líon a Deimhníodh	% a Deimhníodh
2001	723	549	76
2002	130	81	62
2003	252	225	89
2004	1893	1824	96
2005	1468	1385	94
2006	271	261	96
2007	330	318	96
2008	398	368	92
2009	583	565	97
2010	643	637	99
2011	366	358	98
2012	205	205	100
2013	114	110	96

Tábla 4.10.3

Anailís ar Chinntí maidir le hAchomhairc Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/ Rialachán Bhaile Átha Cliath II

Moltaí an Choimisinéara a Deimhníodh

Bliain	Iomlán	Líon a Deimhníodh	% a Deimhníodh
2001	151	150	99
2002	118	110	93
2003	104	102	98
2004	212	186	88
2005	233	216	93
2006	225	225	100
2007	270	269	99
2008	137	137	100
2009	171	171	100
2010	93	93	100
2011	87	82	94
2012	40	38	95
2013	15	14	93



Cairt 4.10.2
Anailís ar Chinntí maidir le hAchomhairc a bhí go Follasach gan Bhunús/ Achomhairc Luathaithe
Moltaí an Choimisinéara a Deimhníodh



Cairt 4.10.3
Anailís ar Chinntí maidir le hAchomhairc Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/ Rialachán Bhaile Átha Cliath II
Moltaí an Choimisinéara a Deimhníodh



Tábla 4.10.4

Achoimre de réir Náisiúntachta ar Achomhairc Shubstainteacha/Achomhairc Shubstainteacha 15 Lá agus ar Achomhairc Luathaithe a Deimhníodh agus a Cuireadh ar Ceal idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013

Náisiúntacht	Líon a Deimhníodh	Líon a Cuireadh ar Ceal	Iomlán	Iomlán na nAchomharc a Cuireadh ar Ceal mar % d'Iomlán na gCinntí
An Nigéir	94	5	99	5
An Phacastáin	64	10	74	14
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	61	5	66	8
An tSiombáib	29	6	35	17
An Afganastáin	32	1	33	3
An Ailgéir	21	1	22	5
An Albáin	20	0	20	0
Eile[5]	194	26	220	12
Iomlán	515	54	569	9

[5] Clúdaítear 55 tír faoi 'Éile' agus áirítear leo an Mhaláiv, an tSeoirsia, Camarún, an tSúdáin agus an Bhanglaidéis.

5. Gníomhaíochtaí Eile

[5.1] Cruinnithe le heagraíochtaí eile

Cuspóir sonrach an Bhinse is ea dea-chaidreamh oibre a fhorbairt agus a choimeád ar bun le heagraíochtaí a oibríonn i réimse an tearmainn agus leanamar ar aghaidh leis an mbeartas sin sa bhliain 2013. Tionóladh cruinnithe le gach ceann de na heagraíochtaí seo a leanas, i measc cinn eile, le linn na bliana.

- Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe
- Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe
- Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Oifig an Ard-Aighne
- SPIRASI
- An tIonad Neamhspleách Dlí
- Binse Inimirce Uachtair na Ríochta Aontaithe
- EASO, An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

[5.2] Scaipeachán Staitisticí

Scaipeadh ár staitisticí míosúla ar na gníomhaireachtaí agus ar na heagraíochtaí seo a leanas le linn na bliana:

- Ambasáid Mheiriceá
- Comhlámh (Oibrithe Forbartha Fillte)
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

- Biúró Inimirce Náisiúnta an Gharda Síochána
- Comhdháil na gCeardchumann
- Coimisiún na hÉireann um Cheartas agus Síocháin - Tionscadal Dídeanaithe
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- An Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chiníochas agus Idirchultúrachas
- Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe
- Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe
- An tSeirbhís Faisnéise do Dhídeanaithe
- An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe
- SPIRASI – An tIonad um Chúram do Mharthanóirí Céasta (CCST)
- The Irish Times
- The Irish Examiner
- The Irish Independent
- An tIonad Uinseannach do Dhídeanaithe
- Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe

[5.3] Comhdhálacha ar Freastalaíodh Orthu

D'fhreastail an Cathaoirleach ar na comhdhálacha seo a leanas le linn na bliana:

- Comhdháil Bhliantúil Acadamh an Dlí Eorpaigh maidir le Dlí Tearmainn an AE, Trier, 28-29 Deireadh Fómhair 2013
- On the Borders of Refugee Protection? The Impact of Human Rights Law on Refugee Law - Comparative Practice and Theory, An Institiúid um Ard-Staidéar Dlí (Sasana), Londain 13-14 Samhain 2013
- Cumann Idirnáisiúnta Bhreithiúna an Dlí um Dhídeanaithe, Comhdháil na Caibidle Eorpaí in Göteborg, 21-22 Samhain 2013
- Líonra Imirce na hEorpa, Éire, Conference on Challenges and Responses to Identifying Victims of Trafficking, Baile Átha Cliath, 29 Samhain 2013.

- Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), "CREDO" – Improved Credibility Assessment in EU Asylum Procedures, Baile Átha Cliath, 5 Nollaig 2013.

[5.4] Treoirlínte a Eisíodh

Le linn na bliana 2013, d'eisigh an Cathaoirleach na treoirlínte seo a leanas de bhun mhír 17 den dara sceideal a ghabhann le hAcht na nDídeanaithe, 1996, arna leasú.

- UNHCR Eligibility Guidelines for Assessing the International Protection Needs of Asylum-seekers from Afghanistan – 29 Lúnasa 2013.
- Assigning Appeals to Members of the Tribunal – 9 Deireadh Fómhair 2013

Tá na treoirlínte thuasluaite ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhinse ag www.refappeal.ie.

[5.5] Nósanna Imeachtaí agus Cáipéisí

Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar cháipéisí an Bhinse i mí Mheán Fómhair 2013. Faoi dheireadh na bliana 2013, ba é seo a leanas an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin:

- eisíodh Treoirlínte, mar a thuairiscítear i mír 5.4
- cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar theimpléad cinnidh an Bhinse
- rinneadh réamhobair ar Ráiteas Straitéise 3 Bliana an Bhinse, atá le heisiúint i ráithe 1 den bhliain 2014
- cuireadh tús le scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar gach Athbhreithniú Breithiúnach idir lámha
- Bunaíodh Grúpa Úsáideoirí Binse, atá comhdhéanta díobh seo a leanas: an Cathaoirleach, an Príomh-Oifigeach agus beirt ainmnitheach ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó Chomhairle Bharra na hÉireann araon.

6. Pearsanra

[6.1] Soláthar Foirne

Ba é líon iomlán na mBall Foirne a bhí ag obair leis an mBinse ag an 31 Nollaig 2013 ná 47 duine (a n-oibríonn dháréag díobh ar bhonn postroinnte). Is ionann é sin agus 42.3 coibhéis lánaimseartha (FTE). Is é seo a leanas miondealú na foirne de réir gráid:

Grád	Líon na bPost
Cathaoirleach	1
Príomh-Oifigeach	1
Príomh-Oifigeach Cúnta	1
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin	3
Oifigeach Riaracháin	0
Oifigeach Feidhmiúcháin	8 (duine amháin ar bhonn postroinnte)
Oifigeach Foirne	4 (beirt ar bhonn postroinnte)
Oifigeach Cléireachais	24 (naonúr ar bhonn postroinnte)
Oifigeach Seirbhísí	5
Iomlán	**47 (42.3 Coibhéis Lánaimseartha [FTE])**

[6.2] Oiliúint Foirne

Ó mhí Eanáir 2013, rinne an Binse raon leathan cúrsaí oiliúna a chur ar fáil nó a éascú don fhoireann. Tá na nithe seo a leanas i measc na gcúrsaí oiliúna ar bhain an fhoireann riaracháin leas astú:

- Microsoft Word (Cúrsa Idirmheánach)
- Microsoft Excel (Cúrsa Idirmheánach agus Ardchúrsa)
- Microsoft Powerpoint (Ardchúrsa)
- Scileanna Cumarsáide
- Scileanna Bainistíochta Maoirseachta
- Scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí
- Cúrsa Forbartha Meánbhainistíochta
- Scileanna Treallúis
- BA sa Bhainistíocht Phoiblí
- Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta
- Oiliúint Réamhscoir

[6.3] Cóiríocht

Tá an Binse lonnaithe ag 6/7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2. I dteannta spás oibre don fhoireann riaracháin, tá Seomraí Éisteachta le haghaidh achomharc agus seomraí comhairliúcháin le haghaidh cliant agus a n-ionadaithe ann.

[6.4] Airgeadas

Is é airgead a cheadaíonn an Dáil tríd an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a mhaoiníonn an Binse.

Leagtar amach sa tábla thíos sonraí caiteachais don bhliain 2013:

Ceannteideal Caiteachais (nach Caiteachas Pá)	**Caiteachas 2013 Suim Dheiridh €**
Taisteal agus Cothú	€5,718
Speansais Theagmhasacha	€27,239
Seirbhísí Poist agus Cumarsáide	€32,526
Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	€15,681
Speansais Oifige agus Réadmhaoine	€219,874
Costais Dlí	€1,625,972
Táillí Comhaltaí	242,594
Oiliúint Comhaltaí	€381
Taighde	Nialas
Iomlán	**€2,169,984**

[6.5] Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an oifig ar oscailt 5 lá sa tseachtain, am lóin san áireamh, agus tá sí ar fáil do chuairteoirí i bpearsa idir 8.45am agus 5.30pm an Luan go dtí an Aoine. Cuirtear seirbhís ar fáil gach lá chun ceisteanna a fhreagairt ar an teileafón (teil. 01-4748400) ó 9.15am go 5.30pm (5.15pm ar an Aoine). Tá rún daingean ag an mBinse seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil, faoi mar a leagtar amach inár gcairt do chustaiméirí.

[6.6] An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988

Tá an Binse cláraithe mar rialaitheoir sonraí leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Thug an Coimisinéir tuairisc don Bhinse sa bhliain 2011 maidir leis an iniúchadh a rinne an Binse ar a nósanna imeachta agus ar a phróisis sa bhliain 2010. Rinne an Coimisinéir trácht ar fheasacht láidir eagrúcháin na bprionsabal cosanta sonraí agus chuir sé roinnt moltaí in iúl. Leanadh ar aghaidh leis na moltaí sin a chur chun feidhme sa bhliain 2013.

[6.7] Sláinte agus Sábháilteacht

Is é beartas an Bhinse, mar a leagtar amach inár Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe go léir agus gach duine a dhéanann gnó ar áitreabh an Bhinse a áirithiú, a oiread agus is praiticiúil go réasúnta. Tá saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ina dtosaíocht don Bhinse – léirítear é sin san oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann agus sna bearta slándála atá i bhfeidhm in áitreabh an Bhinse, bearta a bhíonn faoi réir athbhreithniú leanúnach. Tugtar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta cothrom le dáta de réir mar is gá.

[6.8] An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tá Cathaoirleach agus Príomh-Oifigeach an Bhinse faoi réir na gceanglas atá in Acht 1995. Déantar na baill foirne ábhartha go léir a bhfuil róil fhorordaithe acu a chur ar an eolas faoina ndualgais faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go 2001, agus d'éirigh leo cloí leis na ceanglais sin.

Aguisín 1:

Reachtaíocht/ Ionstraimí Reachtúla Ábhartha don Bhinse

- Acht na nDídeanaithe, 1996, (arna leasú ag an Acht Inimirce, 1999, agus ag an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000) agus an tAcht Inimirce, 2003
- Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2000, I.R. Uimh. 342 de 2000
- Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2002, I.R. Uimh. 571 de 2002
- Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2003, I.R. Uimh. 424 de 2003
- An tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000
- An tOrdú um Acht na nDídeánaithe (Alt 22), 1996, (Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath II) 2003, I.R. Uimh. 423 de 2003
- United Nations Convention Relating to the Status of Refugees, 1951 (an Ghinéiv) and the 1967 Protocol (Nua-Eabhrac)
- Handbook on Procedures and Criteria for Determining Refugee Status under the 1951 Convention and the 1967 Protocol relating to the Status of Refugees (arna atheagrú, an Ghinéiv, 1992)
- An tOrdú um Acht na nDídeanaithe, 1996, (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte) 2003, I.R. Uimh. 422 de 2003
- Ordú ón Aire dar dháta an 15 Meán Fómhair 2003 faoi Alt 12(1)(m) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, arna chur isteach ag Alt 7 den Acht Inimirce, 2003 – tosaíocht iarratas ó thíortha tionscnaimh sábháilte sainithe
- An tOrdú um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004, I.R. Uimh. 714 de 2004.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta), 2006, I.R. Uimh. 518 de 2006.

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Nósanna Imeachta Tearmainn), 2011, I.R. Uimh. 51 de 2011
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013, I.R. Uimh. 426 de 2013

Aguisín 2:

Próiseas Achomhairc: Nósanna Imeachta

2.1 Réamhrá/Éisteachtaí ó Bhéal/Ar na Páipéir

Déileálann an Binse le trí chineál achomharc: Achomhairc Shubstainteacha, Achomhairc Luathaithe agus Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath. Is ag an gcéad chéim a chinneann an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe an cineál achomhairc atá i gceist.

Is é seo a leanas forbhreathnú ar na príomhghnéithe den nós imeachta achomhairc.

Achomharc Substainteach – Éisteacht ó Bhéal

Is é is Achomharc Substainteach ann ná achomharc ina bhféadfaidh an tIarratasóir éisteacht ó bhéal a iarraidh. Seoltar an éisteacht os comhar Comhalta den Bhinse agus is minic a bhíonn an tIarratasóir agus a (h)ionadaí dlíthiúil, ateangaire agus Oifigeach Léirithe ó oifig an Choimisinéara i láthair. Féadfaidh finnéithe bheith i láthair freisin, faoi réir cead a fháil ón gComhalta. Léirítear le taithí go dtógann éisteacht ó bhéal 1½ - 2 uair ar an meán. Ceanglaítear le hAlt 16(14) d'Acht 1996 nach mór éisteacht ó bhéal a sheoladh go príobháideach. Mar sin féin, féadfaidh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) bheith i láthair chun breathnú ar na himeachtaí (Alt 16 (15) d'Acht 1996). Sa chás nach n-iarrtar éisteacht ó bhéal, is bunaithe ar na páipéir a chinnfidh an Comhalta an tAchomharc Substainteach.

Achomhairc Luathaithe - Gan Éisteacht ó Bhéal

Tagann siad sin chun cinn sa chás go ndéantar moladh i dtuarascáil an Choimisinéara de bhun Alt 13(1) nár cheart iarratasóir a dhearbhú mar dhídeanaí agus sa chás go bhfuil ceann ar bith de na torthaí a shonraítear in Alt 13(6) sa tuarascáil sin. Cinntear achomhairc den sórt sin gan éisteacht ó bhéal agus gabhann teorainneacha ama níos giorra inar féidir Achomharc a chur isteach leo.

Rialachán Bhaile Átha Cliath – Gan Éisteacht ó Bhéal

Tagann achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath chun cinn as an Ordú um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Alt 22), 2003 (I.R. Uimh. 423 de 2003), a tháinig i bhfeidhm an 15 Meán Fómhair 2003 agus a chuirtear in áit chomhaontú Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath idir Ballstáit na gComhphobal Eorpach.

2.2 Nós Imeachta maidir le hAchomharc a Chur Isteach

Sa chás go bhfaigheann Iarratasóir Moladh ón gCoimisinéir, tugtar fógra dó/di faoin gceart atá aige/aici achomharc a chur isteach agus ceanglaítear air/uirthi déanamh amhlaidh laistigh de theorainneacha ama reachtúla ar leith, ag brath ar an gcineál achomhairc atá i gceist:-

- Cásanna a bhaineann le hachomharc **substainteach** - Tá **15 lá oibre** ag iarratasóirí chun an **Fógra Achomhairc** a chomhlánú agus a chur isteach. Féadfaidh siad éisteacht ó bhéal a roghnú ach í a iarraidh ar Fhoirm an Fhógra Achomhairc.

- Cásanna a bhaineann le hachomharc **luathaithe** - Tá **10 lá oibre** ag iarratasóirí chun an **Fógra Achomhairc** a chomhlánú agus a chur isteach. Ní fhéadfaidh siad éisteacht ó bhéal a roghnú.

- Cásanna a bhaineann le hachomharc **Rialachán Bhaile Átha Cliath** - Tá **15 lá oibre** ag iarratasóirí chun an **Fógra Achomhairc** a chomhlánú agus a chur isteach. Roimh an 31 Nollaig 2013, níor fhéad iarratasóirí éisteacht ó bhéal a roghnú agus níor cuireadh aistriú an iarratasóra go dtí an tír ábhartha ar fionraí i gcásanna inar cuireadh achomharc isteach. De réir athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, áfach, féadfar éisteacht ó bhéal a roghnú agus cuirfear aistriú an iarratasóra go dtí an tír

ábhartha ar fionraí i gcásanna ina gcuirfear achomharc isteach.

I ngach cás, ní mór don Iarratasóir forais an achomhairc a shonrú i bhFoirm an Fhógra Achomhairc agus aon doiciméid tacaíochta, na haighneachtaí a dhéanfar agus na húdaráis a mbeifear ag brath orthu a chur faoi iamh. Tá sé de dhiscréid an Bhinse ordú ar fhinnéithe teacht i láthair (sa chás go n-iarrtar iad) i gcásanna ina n-iarrann an t-iarratasóir éisteacht ó bhéal.

2.3 Nós Imeachta maidir le Glacadh le hAchomhairc

Ar an bh**Fógra Achomhairc** a fháil, breithníonn an Binse cé acu a thagann nó nach dtagann sé faoin teorainn ama fhorordaithe don chineál achomhairc ar leith sin. Sa chás go dtagann an fógra lasmuigh den teorainn ama, tugtar fógra i scríbhinn don iarratasóir agus dá (h)ionadaí dlíthiúil (más ann) gur diúltaíodh an t-achomharc.

Cuirtear in iúl don Iarratasóir agus dá (h)ionadaí dlíthiúil (más ann) go bhfuarthas an Fógra Achomhairc. Tugtar fógra i bhfoirm ríomhphoist don Choimisinéir agus d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) i mBaile Átha Cliath ar an lá a bhfaightear an t-achomharc agus sonraítear an cineál achomhairc atá i gceist ann. Iarrtar ar an gCoimisinéir freisin comhad bunaidh an Iarratasóra a chur faoi bhráid an Bhinse. Déantar cóipeanna den Fhógra Achomhairc agus de na doiciméid uile lena mbaineann a cuireadh chuig an mBinse a chur faoi bhráid an Choimisinéara, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 16(4) den Acht.

2.4 Nós Imeachta maidir le Cásanna a Shannadh do Chomhaltaí lena gCinneadh

I mí Mheán Fómhair 2013, foilsíodh Polasaí Sannta an Bhinse, rud ina gcuirtear síos ar an dóigh a sanntar cásanna i measc na gcomhaltaí éagsúla den Bhinse. Sannann an Cathaoirleach cás do Chomhalta den Bhinse, comhalta a dhéanann scrúdú ar an gcás sin chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon fhaisnéis bhreise ag teastáil agus, go háirithe, cé acu ba cheart nó nár cheart tuilleadh ceisteanna a chur faoi Alt

16 (6) den Acht. Faoi Alt 16 (7) den Acht, féadfaidh an Comhalta tuairimí an Choimisiúin a iarraidh maidir le hábhair a eascraíonn i bhForais an Achomhairc. Tá forálacha den chineál céanna i bhfeidhm le haghaidh achomhairc Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath.

2.5 Nós Imeachta maidir le hÉisteachtaí ó Bhéal

Sa chás gur iarr Iarratasóir éisteacht ó bhéal, ní mór don Bhinse fógra 7 lá oibre ar a laghad a thabhairt don Iarratasóir agus dá (h)ionadaí dlíthiúil (más ann) araon faoi dháta na héisteachta ó bhéal. Mar atá an scéal, is mó an tréimhse fógra sin ná an ceanglas reachtúil agus is é aidhm an Bhinse fógra 2 sheachtain ar a laghad a thabhairt do gach Iarratasóir. Tugtar fógra don Choimisinéir, do UNHCR agus d'fhinnéithe (más ann) san am céanna a dtugtar fógra don Iarratasóir. Déantar an éisteacht go príobháideach agus seoltar í trí ateangaire, nuair is gá agus nuair is féidir. Beartaítear go seolfar an éisteacht gan foirmeáltacht mhíchuí agus ar bhealach a áiritheoidh go mbeidh na himeachtaí cóir agus trédhearcach agus go gcuirfear iad ar aghaidh go héifeachtúil.

2.6 Nós Imeachta maidir le hAchomhairc a Tarraingíodh Siar

Ag aon chéim den phróiseas, féadfaidh Iarratasóir achomharc a tharraingt siar trí fhógra tarraingthe siar a sheoladh chuig an mBinse. Cloífear le Moladh bunaidh an Choimisinéara i gcás achomhairc a tarraingíodh siar.

2.7 Nós Imeachta maidir le Cinntí a Eisiúint

Is faoi Alt 16(2) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, (arna leasú) a dhéileáiltear le hachomharc in aghaidh mholadh an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Tugtar fógra don iarratasóir, don ionadaí dlíthiúil (más ann), don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi chinntí an Bhinse maidir le trí chineál achomhairc – Achomhairc Shubstainteacha, Achomhairc Luathaithe (ar pháipéir amháin) agus Achomhairc a thagann faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Cuirtear in iúl d'ionadaí Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le

haghaidh Dídeanaithe go ndearnadh an cinneadh. Ar aon dul leis an nós imeachta maidir le Cinneadh a eisiúint, cuirtear comhad an iarratais ar aghaidh ansin chuig an Aire le haghaidh tuilleadh próiseála. Baineann na nósanna imeachta sin le Cinntí an Bhinse, is cuma cé acu atá moladh an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe á dheimhniú nó á chur ar ceal.

Faigheann gach Iarratasóir cóip de 'Information Leaflets for Applicants on Appeals Procedures - (cáipéis amháin do gach cineál achomhairc)' de chuid an Bhinse ó Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC) nuair a eisítear Moladh an Choimisinéara i leith a gcáis féin. Tá gearrnóta míniúcháin ar fáil i roinnt teangacha freisin ar iarratas.

2.8 Nósanna Imeachta maidir le Cartlann Chinntí Chomhaltaí na hOifige do Dhídeanaithe (ROMDA)

Is ar bhonn leanúnach a choimeádtar ROMDA, arb é an áis ar féidir le hionadaithe dlíthiúla taighde a dhéanamh uirthi agus Cinntí roimhe curtha in eagar a chur isteach ann chun tacú le hachomharc tearmainn a gcliant. Tugtar an chartlann cinntí cothrom le dáta ar bhonn míosúil trí Chinntí is déanaí an Bhinse a chur léi. Cuireann foireann an Bhinse na cinntí in eagar chun a chinntiú gur baineadh sonraí rúnda faoi iarratasóirí uathu. Tiontaítear na Cinntí ina gcomhaid PDF ansin agus uaslódáiltear iad ar Chartlann Chinntí an Bhinse ar an suíomh Gréasáin.